



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2009



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2009

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeath, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leightreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

# Clár

## Rannán 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta	4
3. Réamhrá	8
4. Achoimre ar theagmhais a tharla i rith 2009	9
5. Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh i rith 2009	10
6. Sampla cásanna a foilsíodh i rith 2009	13
7. Comparáidí idir tasmí muirí 2002 - 2009	15
8. Tuarascálacha an BITM a foilsíodh ó 2002 - 2009	16

## Rannán 2

Ráitis Airgeadais le haghaidh na tréimhse dar críoch ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2009	17
--	----

# Ráiteas an Chathaoirligh



John G. O'Donnell, B.L.  
Cathaoirleach

A Aire, a chara

Is athás liom seachtú Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) a chur i láthair, rud a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2009.

## Taismí a Tharla i Rith 2009

Tharla 6 teagmhas i rith 2009, a raibh sé mar thoradh ar chúig cinn acu gur cailleadh seisear. Bhain an séú teagmhas le talmhú agus trochlú soitheach ar cíos ar Abhainn na Sionainne agus níor tharla aon ghortú lena linn.

Cé gurb ionann an toradh seo agus laghdú dearfach ar líon na dteagmhas agus na mbásanna i gcomparáid le 2008, tuigeann an Bord nach bhfuil sé sásúil go gcaillfí oiread is duine amháin ar muir agus cuireann sé fíorchomhbhrón in iúl dóibh siúd go léir atá faoi mhéala mar gheall ar na teagmhais thragóideacha seo.

Thug an Bord faoi deara nár taifeadadh aon taismí a bhain le soithí móra iascaireachta (den chéad uair ó bunaíodh é) i rith 2009 agus creideann sé gurb amhlaidh an scéal mar thoradh ar mhaoirseacht níos mó ag údarais rialaitheacha náisiúnta mhuirí, in éineacht le fás cultúir níos mó d'fheasacht sábháilteachta ar fud an tionscail.

Tá táblaí comparáideacha le haghaidh na mblianta 2002 go dtí 2009 ar leathanach 15 sa tuarascáil seo agus déantar achoimre orthu mar seo:-

	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Básanna	7	12	14	8	10	17	9	6
Gortuithe	2	2	2	0	1	2	0	0
Soithí Bainteacha	9	18	17	11	12	20*	10	6

\*Ní chuimsíonn an figiúr seo an teagmhas ag Geallta Bád Dhún Laoghaire i rith 2007, a bhain le cuid mhaith bád beag, báidíní agus easnacha

D'fhoilsigh an Bord sé Thuarascáil Deiridh déag i rith 2009, a bhfuil sonraí fúthu ar leathanaigh 10 – 12. Chuir an Bord deireadh le dáileadh ginearálta a Thuarascálacha Deiridh i bhformáid cruachóipe i rith 2009 agus d'éirigh leis laghdú mór a dhéanamh ar a chostais chlódóireachta mar gheall air seo. Cuirtear gach tuarascáil ar fáil gan chostas ar an suíomh gréasáin ag [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie) agus seoltar cóipeanna leictreonacha chuig réimse ilghnéitheach páirtithe leasmhara.

## Teagmhais i rith 2009

Rinne mé tagairt i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo don líon mór teagmhas agus básanna san earnáil iascaireachta, go háirithe i mbáid atá 15-24 méadar ar fad. Tá an Bord sásta a thabhairt faoi deara go raibh tionchar mór ag na Rialacháin nua um Shábháilteacht Soithí Iascaireachta, IR 640 de 2007, ar mhéadú sábháilteachta agus feasachta sábháilteachta i measc phobal na hiascaireachta go ginearálta. Tugadh isteach iad seo tar éis na dtragóidí i rith 2007 a bhain leis an mótarshoitheach iascaireachta "Pere Charles" agus an mótarshoitheach iascaireachta "Honeydew II".

Leagann an Bord béim ar an ngá leanúnach atá le cinntiú go gcuirtear bearta éifeachtacha sábháilteachta i bhfeidhm ar bord na soithí. Tá sé mar fhreagracht shoiléir ar mháistrí na gcineálacha soithí go léir go fóill, ní hamháin na cinn siúd a bhaineann le hiascaireachta, aird shoiléir a thabhairt ar shábháilteacht an chriú agus na bpaisinéirí. Tá an Bord sásta a thabhairt faoi deara gur chabhraigh aireachas méadaithe maidir le sábháilteachta ar bord soithí sa loingear iascaireachta le laghdú a dhéanamh ar líon na dteagmhas agus ar an dea-uair, ní raibh aon teagmhais ná básanna móra ann san earnáil seo i rith 2009.

Tá an Bord buartha go fóill faoin gcleachtas atá ag iascairí aonair dul ar an bhfarraige i mbáid oscailte gan VHF ná bladhmanna agus gan seaicéad tarrthála orthu ná áis snámhachta phearsanta.

Tá an Bord buartha chomh maith faoin méadú atá le tabhairt faoi deara ar theagmhais talmhaithe ar na bealaí uisce intíre.

### Buíochas

Mar is gnách, ba mhaith liom cúnamh na gcomhaltaí eile ar an mBord i rith 2009 a mholadh. Chaith siad go léir a gcuid ama go toilteanach agus go dúthrachtach ar chur i gcrích a gcuid oibre go dtí seo agus tá siad le moladh dá bharr.


Tá mé in ann a dheimhniú chomh maith gur chloígh comhaltaí an Bhoird le forálacha agus riachtanais bhainteacha na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, i rith 2009.

Ba mhaith liom an cúnamh a fhaigheann an Bord ó Oifig na Suirbhéireachta Muirí agus ó Stiúrthóireacht Sábháilteachta Muirí na Roinne Iompair a admháil chomh maith.

Ba mhaith liom béim a leagan ar agus moladh a thabhairt don tsar-obair a rinne ár n-imscrúdaitheoirí, daoine nach bhféadfaí cur le chéile agus foilsíú na dTuarascálacha Taismí a dhéanamh ina n-éagmais. Tá buíochas ar leith ón mBord ag dul dóibh as an mbealach gairmiúil ina ndéanann siad a gcuid oibre. Chuir an Bord tús le hullmhúcháin i rith 2009 le haghaidh aistriú obair imscrúdaithe chuig painéal imscrúdaitheoirí seachtracha. Tar éis do phróiseas cúramach roghúcháin a bheith déanta, cuireadh seimineár ionduchtúcháin agus eolais an-rathúil ar siúl i nDeireadh Fómhair 2009 agus bhí na imscrúdaitheoirí go léir ar an bpainéal i láthair ann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Rúnaíocht, Kieran Baker, Evelyn Reddin agus Teresa Walsh as a n-obair agus a dtiomantas leanúnach chomh maith.

Mar fhocal scoir, is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl as an gcúnamh a sholáthar an tAire agus a oifigigh don Bhord i rith 2009.



JOHN G. O'DONNELL, B.L.  
CATHAOIRLEACH,

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:  
**An tUas. John G. O'Donnell, B.L.**



Leaschathaoirleach:  
**An tUas. Thomas R. Power**



Comhaltaí an Bhoird:  
**An tUas. Sinéad Brett, B.C.L., LL.M**



Comhaltaí an Bhoird:  
**An tUas. Brian Hogan,  
Príomhshuirbhéir, An Roinn  
Iompair**



Comhaltaí an Bhoird:  
**An tUas. Jurgen Whyte,  
Príomhscrúdaitheoir ar  
Aerthionóiscí, An tAonad  
um Imscrúdú Aerthionóiscí  
(AAIU), An Roinn Iompair**

Rúnaí: An tUas. Kieran Baker  
Rúnaíocht: Evelyn Reddin Uas. agus Teresa Walsh Uas.  
Oifig Chláraithe: Lána Líosain  
Baile Átha Cliath 2.  
Guthán: 01 – 6783484/5/6  
Facs: 01 - 6783493  
R-Phost: info@mcib.ie  
Láithreán Gréasáin: www.mcib.ie  
Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
Foirgneamh an Státchiste  
Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2.

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta faoin mBord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoi Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Is comhlacht neamhspleách reachtúil é an BITM a mhaoinítear le hairgead a bhíonn vótáilte ag an Oireachtas, mar a dhéantar foráil dó in Alt 19 den Acht.

## Feidhm an Bhoird

Tá sé mar fheidhm ag an BITM imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá sainmhínithe in Alt 2 den Acht.

### Is ionann Taisme Mhuirí agus teagmhas nó próiseas is cúis le nó atá mar bhaol de:

- (a) bhás nó de ghortú tromchúiseach duine;
- (b) cailteanas duine thar bord;
- (c) cailteanas mór nó tráchur, dochar do, nó imbhuailtadh in aghaidh soithigh nó maoine; nó
- (d) dochar mór don timpeallacht,

in connection with the operation of:

- (i) soithigh in uiscí na hÉireann;
- (ii) soithigh atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith, nó
- (iii) soithigh a bhíonn suite nó feistithe in uiscí na hÉireann de ghnáth agus atá faoi smacht duine atá ina c(h)ónaí sa Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlaigh le huiscí na hÉireann.

### Is é cuspóir gach imscrúdaithe ná:

1. Deimhniú cúise nó cúiseanna taisme muirí.
2. Tuairisciú ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí comhchosúla muirí a sheachaint.

Seoltar cóip den Tuarascáil Deiridh ar gach imscrúdú chuig an Aire le haghaidh mheasúnú na moltaí atá istigh inti. Cuirtear cóipeanna de na tuarascálacha ar fáil chomh maith do pháirtithe a raibh baint acu leo. Anuas air sin, foilsítear gach Tuarascáil Deiridh ar shuíomh gréasáin an Bhoird ag [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie).

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH mbíonn sé mar chuspóir ag imscrúdú locht a chur i leith éinne. Is comhlacht neamh-ionchúiseach é an Bord. Bíonn ionchúiseamh ar bith a bheadh mar thoradh ar thaisme mar fheidhm ag Comhlachtaí Reachtúla .i. An Garda Síochána, Údarás Sláinte agus Sábháilteachta srl.***





# Imscrúdaithe agus Tuarascálacha 2009



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2009

# Réamhrá

Ó bunaíodh é sa bhliain 2002 agus suas go dtí deireadh 2009, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord ar aon chéad seacht gcás is fiche.

Taispeánann an staidreamh atá sa Tuarascáil seo na cineálacha difriúla soithí a bhí i gceist agus cúis gach teagmhais agus tugann sé léargas don léitheoir ar scóip agus ar obair an Bhoird. Coinníodh formáidí tuairiscithe i bhformáid chomhsheasmhach d'fhonn comparáid a éascú le teagmhais agus tuarascálacha na mblianta roimhe sin.

Foilsítear na tuarascálacha go léir ar shuíomh gréasáin an Bhoird ag [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie), agus is féidir iad a chur ar fáil saor in aisce i bhformáid pháipéir ar iarratas chuig an Rúnaíocht.

# Achoimre ar Theagmhais a Tharla le linn 2009

1u Eanáir agus 31u Nollaig 2009

AINM SOITHIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA TEAGMHAIS	CINEÁL SOITHIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA
Currach gan ainm, An Cladach Dubh	21 Aibreán 2009	Soitheach Áineasa - oscailte	Iompú Béal Faoi	Bádh beirt a bhí i gcurrach nuair a d'iompaigh sé béal faoi, fad is a bhí siad ag obair le potaí gliomaigh amach ó Rinn Eachrois, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	2
Ikom K	27 Bealtaine 2009	Long Paisinéirí	Teagmhas báis	Bhuail taom croí marfach an scipéir fad is a bhí an long ag taisteal go dtí an tOileán Mór, Co. Chorcaí, rud ba chúis le talmhú an tsoithigh gar do Loch Bhiaille.	1
MDAC	15 Iúil 2009	Bád Oscailte	Duine i bhfarraige	Thit duine den chriú thar bord agus bádh an duine sin, fad is a bhí an soitheach ag obair amach ón bhFianait, Co. Chiarraí.	1
McHugh	5 Meán Fómhair 2009	Soitheach Áineasa - Seol	Iompú Béal Faoi	D'iompaigh Gleoiteóg béal faoi i mBá na Gaillimhe agus cailleadh duine amháin.	1
Harbour Pride	17 Meán Fómhair 2009	Bád Oscailte	Duine i bhfarraige	Ar 17 Meán Fómhair 2009, fuarthas conblach an bháid gliomach Harbour Pride ar charraigeacha ag Cuas Phort Ailigh, taobh thiar de Dhún Mór, Co. Phort Láirge. Fuarthas corpán an úinéara tamall ina dhiaidh sin ar an lá céanna tar éis cuardaigh.	1
E.S.L. Caprice 8	9 Deireadh Fómhair 2010	Soitheach Áineasa - mótar	Trochlú	Talmhaíodh soitheach ESL ar charraigeacha i rith turas áineasa tar éis dó dul ar an taobh mícheart de mharc cainéil. Rinneadh iarrachtaí an soitheach a aisghabháil ach throchlaigh sé gar do Bhaile Liam, Co. an Chláir.	-
<b>Teagmhas san iomlán</b>					<b>6</b>

# Achoimre ar Thuarascalacha a Foilsíodh i 2009

1u Eanáir agus 31u Nollaig 2009

SOITHEACH	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁL SOITHIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS TEAGMHAIS
<b>Girl Geraldine</b>	23 Eanáir 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (15 – 24m)	Duine i bhfarraige	Tarraingíodh duine den chriú thar bord nuair a bhí líonta á scaoileadh agus bádh é.	1 bhás amháin	Chuaigh cos duine den chriú in ascar i mbiochta téide.
<b>Discovery</b>	23 Eanáir 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (15 – 24m)	Iompú Béal Faoi	Nuair a bhí breith á stuáil, chas an soitheach ar deasbord agus chuaigh sé béal faoi go gairid ina dhiaidh sin.	Nialas	Cailteanas tubaisteach cobhsaíochta a tharla toisc comhla neamhchúlaithe lochtach ar an deic mhór.
<b>Gismonde</b>	18 Feabhra 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (15 – 24m)	Chuaigh an soitheach go tóin poill tar éis tine ar bord	Bhí sé mar thoradh ar thine sa chábán stiúrach nach bhféadfaí a smachtú gur scriosadh agus gur bádh an soitheach.	Nialas	Níor éirigh leis an imscrúdú teacht ar an gcúis a bhí leis, ach ceaptar gur dócha gur tharla sé mar gheall ar locht leictreach ag deireadh an chábáin stiúraigh.
<b>Cadhac, Bá na Scairbhe</b>	24 Márta 2009	Soitheach áineasa – Canú	Bearnú agus iompú béal faoi	Ceaptar go raibh poll i gcadhac a bhí ar iasacht agus bádh an duine a bhí á úsáid nuair a bhí an duine sin ag fillleadh ó Oileán an Chuilinn, Loch Deirgeirt.	1 bhás amháin	Is maith an seans nár thuing an duine a fuair bás an droch-chaoi a bhí ar an gcadhac, gur úsáid an duine an céasla mícheart agus nach raibh a fhios ag an duine go mbíonn a leithéid de shoitheach chomh héagobhsaí sin (meáchanlár ard), go háirithe má tá mála droma ar dhuine.
<b>Locator</b>	24 Márta 2009	Soitheach lasta	Talmhú	Talmhaíodh soitheach amach ó Chruach na Cara, Co. na Gaillimhe.	Nialas	Chuaigh líon iascaireachta in ascar sa stiúir agus sa lián.
<b>Teagmhas Canú, An Gheadach</b>	7 Aibreán 2009	Soitheach áineasa – Canú	Bá	Chuaigh duine de ghrúpa daoine a bhí ag cadhcáil ar an nGeadach i gContae Chiarraí i bhfostú i bhfréamhacha crainn agus bádh an duine sin.	1 bhás amháin	Taiscéaláíocht neamhleor ar gach cuid den bhealach beartaithe

SOITHEACH	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁL SOITHIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS TEAGMHAIS
<b>Maggie B</b>	9 Aibreán 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (15 – 24m)	Iompú Beal Faoi	Tuileadh an seomra innill agus an bolg iasc i rith na hiascaireachta, rud ba chúis le hiompú béal faoi agus bá an tsoithigh.	2 bhás	Níorbh fhéidir cúis na taisme seo a dheimhniú go cruinn, ó ba rud é nár aithníodh aon fhachtóir chúisíoch amháin ar leith.
<b>Soithí Éagsúla, Geallta Bád Dhún Laoghaire</b>	15 Aibreán 2009	Soitheach áineasa – seol	Iompú iolrach béal faoi	D'iompaigh roinnt luamh béal faoi i rith gheallta bád seoltóireachta na sóisearach.	Nialas	Cóch tobann aneas anoir aneas.
<b>Cassie</b>	3 Iúil 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (<15m)	Bá	Bhí beirt iascairí i gcruachás i mBá Inbhir, Co. Dhún na nGall agus bádhdh iad ina dhiaidh sin.	2 bhás	Níorbh fhéidir cúis na tragóide seo a dheimhniú.
<b>Atlantic West</b>	31 Lúnasa 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (<15m)	Duine i bhfarraige	Tarraingíodh duine den chriú thar bord agus bádhdh é, fad is a bhíodhas ag scaoileadh potaí portáin.	1 bhás amháin	Chuaigh cos duine den chriú in ascár i mbíochta téide agus tarraingíodh thar an deireadh é mar thoradh air sin agus bádhdh é.
<b>Honeydew II</b>	31 Lúnasa 2009	Mótarshoithe ach lascaireachta (15 – 24m)	Iompú Béal Faoi	Bhuail tonn mór i gcoinne an tsoithigh le linn dó a bheith ar fharraige shuaite.	2 bhás	Chlis go tubaisteach ar chodanna den bhábhún clébhoird nuair a bhuail tonn nó tonnta ina choinne, rud a scaoil méid mór uisce isteach i spás na deice foscaidh.
<b>Róise Catriona</b>	28 Meán Fómhair 2009	Mótarshoithe each lascaireachta (>24m)		Fuair duine den chriú bás de ghortú cinn.	1 bhás amháin	Níorbh fhéidir an cúis bheacht a dheimhniú.
<b>Arklow Willow</b>	7 Deireadh Fómhair 2009	Lasta	Duine i bhfarraige	Chuaigh dalta deice faoi oiliúint ar iarraidh fad is a bhí sé ar diúté agus an long curtha i mbeart ag King's Dock in Swansea. Fuarthas a chorpán san uisce trí lá ina dhiaidh sin.	1 bhás amháin	Níorbh fhéidir cúiseanna an teagmhais a dheimhniú go cinnte.

SOITHEACH	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁL SOITHIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS TEAGMHAIS
<b>Camlin Star</b>	5 Samhain 2009	Soitheach áineasa – mótar	Imbhualadh cruá in aghaidh caladh cuain	Bhuail cúrsóir ar cíós go trom in aghaidh caladh cuain nuair a bhíothas ag iarraidh cur i mbeart ag an gCoill Bheag, Co. Uíbh Fhailí agus bhí gortú paisinéara amháin mar thoradh air sin.	Gortú	Athraíodh ó smachtú cábáin go smachtú droichid agus iad róghar don chaladh cuain.
<b>Barbara Mary</b>	3 Nollaig 2009	Bád Oscailte	Duine i bhfarraige	Chuaigh an soitheach béal faoi nuair a bhí siad ag iascaireacht gar do na Carraigeacha Stuaice, Bá Chill Chaoi, Co. an Chláir agus fuair duine amháin bás ó bheith i ngaiste faoi.	1 bhás amháin	Tháinig méadóú tobann ar na tonnta a bhí ag bualadh in aghaidh an tsoithigh de réir mar a bhí sé ag dul taobh thuaidh de na Carraigeacha Stuaice agus chuaigh sé béal faoi mar thoradh air sin.
<b>Alana</b>	9 Nollaig 2009	Soitheach áineasa – seol	Duine i bhfarraige	Cailleadh duine den chriú thar bord le linn dóibh a bheith páirteach i rás bliantúil Seán Whiston Perpetual Cup ó Chill Mhantáin go dtí Club Luamh an Phoill Bhig i mBaile Átha Cliath	1 bhás amháin	Leag sail bharra shaor a raibh sé ina fheighil isteach san uisce é agus bádh é.

# Sampla de na Cásanna a Foilsíodh le linn 2009

1u Eanáir agus 31u Nollaig 2009

Is mian leis an mBord aird a dhíriú ar na tuarascálacha seo a leanas a foilsíodh i rith 2009.

## TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDÚ AR THALMHÚ AN MHÓTARSHOITHIGH "LOCATOR" AMACH Ó CHRUAICH NA CARA, AMACH Ó CHÓSTA NA GAILLIMHE AR 31 MA 2007



Tamall gearr i ndiaidh 08.30 ar maidin ar 31 Márta 2007, talmhaíodh an mótarshoitheach "Locator" ar chladach Chruach na Cara, amach ó chósta Chontae na Gaillimhe. Bhí criú triúir ann ar an soitheach seo d'Olltonnáiste 181 tonna a bhí cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus bhí sé ag taisteal ó Inis Bó Finne go dtí Céibh Chill Choirín.

Dar leis an gcriú go raibh fadhbanna stiúrtha ag an soitheach tamall gearr sular talmhaíodh é. Bhain siad líon ón lián agus ón stiúir sa lag trá. Bhí an soitheach ar snámh arís thart ar 16:00 agus lean siad ar aghaidh go dtí Céibh Chill Choirín.

Níor gortaíodh aon duine den chriú, níor truaillíodh an timpeallacht mhuirí agus ní dhearnadh dochar mór don soitheach.

## TUARASCÁIL AR IMSCRÚDÚ CHAILLTEANAS AN MHÓTARSHOITHIGH IASCAIREACHTA "MAGGIE B" AR 29 MÁRTA 2006



Chuaigh an mótarshoitheach iascaireachta "Maggie B" go tóin poill amach ó Rinn Duáin, Co. Loch Gorman ar 29 Márta 2006. Bhí criú triúir ar bord. Tarrtháladh duine amháin den chriú agus tá beirt acu ar iarraidh go fóill. In ainneoin go ndearnadh imscrúdú cuimsitheach, níor deimhníodh cúis bheacht na taise go cinntitheach.

## TUARASCÁIL AR IMSCRÚDÚ CHAILLTEANAS AN MHÓTARSHOITHIGH IASCAIREACHTA "HONEYDEW II" AMACH Ó CHEANN AN RÁMA, CO. PHORT LÁIRGE AR 11 EANÁIR 2007



Chuaigh an mótarshoitheach iascaireachta Honeydew II go tóin poill amach ó Cheann an Ráma, Co. Phort Láirge ar 11 Eanáir 2007. Ba é príomhfháth an chailleanais ná gur chlis codanna den bhábhún clébhoid go tubaisteach idir an cuaille baill agus fráma a cúig, mar gheall ar thonn nó ar thonnta agus brúdh isteach é. Scaoileadh méid mór uisce isteach go tapa i spás na deice foscaidh mar gheall air seo. Bhí sé mar thoradh ar an tonn taobh istigh den deic foscaidh gur bhris an clúdach éadrom sraithadhmaid thart timpeall ar an tanc hidrálach ina phíosáí. Is dócha go ndeachaigh cuid mhaith uisce isteach taobh thiar den bhonn ar chlébhord an tí deice, rud ba chúis le casadh láithreach tuathail.

Bhí sé d'éifeacht ag an sraithadhmaid briste agus ag nithe beaga de threalamh iascaireachta go raibh na scupair coiscthe nó laghdaithe go mór. Bhí sé dosheachanta go n-iompódh an bád béal faoi mar gheall ar an méid uisce a bhí ar an deic foscaidh.

**TUARASCÁIL AR IMSCRÚDÚ CAILLTEANAS FIR THAR BORD ÓN LUAMH "ALANA" AGUS A BHÁS INA DHIAIDH SIN AMACH Ó CHEANN BHRÉ, CO. CHILL MHANTÁIN AR 14 MEÁN FOMHAIR 2008**



Cailleadh duine den chriú thar bord ón luamh "Alana" amach ó Cheann Bhré, Co. Chill Mhantáin le linn dóibh a bheith páirteach i rás bliantúil Seán Whiston Perpetual Cup Race ó Chill Mhantáin go dtí Club Luamh an Phoill Bhig i mBaile Átha Cliath, thart ar 12.30 LMT ar 14 Meán Fómhair 2008.

Chabhraigh daoine ó luamh darb ainm "Naomh Crónán" a bhí i ngar dóibh le tarrtháil an duine den chriú ón uisce agus rinneadh iarrachtaí é a athbheochan.

Luaigh finné súl nach raibh a Ghaireas Snámhachta Pearsanta teannta.

Tugadh an fear i héileacaptar de chuid an Gharda Cósta go díreach chuig Ospidéal Adelaide agus na Mí, i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath, áit ar fógraíodh é a bheith marbh.

Bádh é agus bhí baint ag stair géarghalar artaire chorónaigh a bhí air leis sin.



# Comparáid Idir na Taismí/Gortuithe Muirí 2002 - 2009

Cineál Soithigh	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
<b>Longa/Báid Paisinéirí</b>								
Ro-Ro Idirnáisiúnta						1 Bhás Amháin/ 1 Ghortú Amháin		
Baile				2 Bhás				1 Bhás Amháin
Bád Paisinéirí	5 Bhás							
<b>Fo-Iomlán</b>	<b>5 Bhás</b>			<b>2 Bhás</b>		<b>Bás Amháin Gortú Amháin</b>	<b>Bás Amháin</b>	<b>Bás Amháin</b>
<b>Lastlonga</b>								
Lastlonga Ginearálta		Bás Amháin				Bás Amháin		
Lastlong Ro-Ro		Bás Amháin						
Tancaer		2 Bhás						
		Gortú Amháin						
Builciompróir			Gortú Amháin					
Longa Coimeádán		Bás Amháin						
Iompróir Carranna								
Bád Oibre Píolóta/Báirse / Iompróir Trom								
<b>Fo-Iomlán</b>		<b>5 Bhás Gortú Amháin</b>	<b>Gortú Amháin</b>			<b>Bás Amháin</b>	<b>Dada</b>	<b>Dada</b>
<b>Soithí Iascaireachta</b>								
< 15 méadar		Bás Amháin	Bás Amháin	3 Bhás	Bás Amháin	3 Bhás		
15 - 24 méadar			4 Bhás		3 Bhás	9 mBás		
> 24 méadar	Bás Amháin	Bás Amháin	Bás Amháin		3 Bhás		2 Bhás	
<b>Fo-Iomlán</b>	<b>Bás Amháin</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>6 Bhás</b>	<b>3 Bhás</b>	<b>7 mBás</b>	<b>12 Bhás</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>Dada</b>
<b>Soitheach Áineasa</b>								
Fethiclí Scairdsciála		Bás Amháin	Gortú Amháin		Bás Amháin Gortú Amháin	Bás Amháin		
Báid Oscailte/Canú	Bás Amháin	2 Bhás	6 Bhás	Bás Amháin	2 Bhás	2 Bhás	5 Bhás	4 Bhás
Mótar	Dhá Ghortú	2 Bhás	2 Bhás			Gortú Amháin		
Seoltóireacht				2 Bhás			Bás Amháin	Bás Amháin
Soitheach cumhacht tapa/RIB		Gortú Amháin						
<b>Fo-Iomlán</b>	<b>Bás Amháin Dhá Ghortú</b>	<b>5 Bhás Gortú Amháin</b>	<b>8 mBás Gortú Amháin</b>	<b>3 Bhás</b>	<b>3 Bhás Gortú Amháin</b>	<b>3 Bhás Gortú Amháin</b>	<b>6 Bhás</b>	<b>6 Bhás</b>
<b>Líon Iomlán Teagmhas</b>	<b>8</b>	<b>17</b>	<b>15</b>	<b>11</b>	<b>11</b>	<b>16</b>	<b>10</b>	<b>6</b>
<b>Líon Iomlán Básanna</b>	<b>7</b>	<b>12</b>	<b>14</b>	<b>8</b>	<b>10</b>	<b>17</b>	<b>9</b>	<b>6</b>
<b>Líon Iomlán Gortuithe</b>	<b>2</b>	<b>2</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>2</b>	<b>Dada</b>	<b>Dada</b>
<b>Líon Iomlán Soitheach bainteach</b>	<b>9</b>	<b>18</b>	<b>17</b>	<b>11</b>	<b>12</b>	<b>20*</b>	<b>10</b>	<b>6</b>

\*Ní chuireann an figiúr seo an teagmhas ag Rásaí Bád Dhún Laoghaire i 2007 a bhain le 115 bád beaga, báidíní agus easnacha san áireamh.

# Tábla Comparáideach de Thuarascálacha a Foilsíodh 2002 - 2009

Type of Craft	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
<b>Longa/Báid Paisinéirí</b>								
Ro-Ro Idirnáisiúnta	1	2	1					
Baile		1	1		1			
Bád Paisinéirí		1		1			1	
<b>Fo-iomlán</b>	<b>1</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>1</b>	<b>1</b>		<b>1</b>	
<b>Lastlonga</b>								
Lastlonga Ginearálta		4	3	5				1
Lastlong Ro-Ro								
Tancaer			3				1	
Builciompróir		1	1					
Long Choimeádáin		2	3					
Iompróir Carranna		1	1					
Bád Oibre/Tuga/Píolóta/Báirse/ Iompróir Trom		4	3					
<b>Fo-iomlán</b>		<b>12</b>	<b>14</b>	<b>5</b>			<b>1</b>	<b>1</b>
<b>Soithí Iascaireachta</b>								
< 15 méadar		2	5	3	1	1	1	2
15-24 méadar		3	4	5	1	1	1	5
> 24 méadar		5	13	2		1	2	2
<b>Fo-iomlán</b>		<b>10</b>	<b>22</b>	<b>10</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>4</b>	<b>9</b>
<b>Soitheach Áineasa</b>								
Fethiclí Scairdsciála				2			4	
Báid Oscailte/Canú		1	3	3	3	1	2	3
Mótar		2	3		2			1
Cíos							1	
Seoltóireacht			2	2	1	1		2
Soitheach Cumhacht Tapa/RIB			1	3				
<b>Fo-iomlán</b>		<b>3</b>	<b>9</b>	<b>10</b>	<b>6</b>	<b>2</b>	<b>7</b>	<b>6</b>
<b>Líon Iomlán Tuarascálacha Foilsithe</b>	<b>1</b>	<b>24</b>	<b>39</b>	<b>21</b>	<b>9</b>	<b>5</b>	<b>12</b>	<b>16</b>
<b>Líon Iomlán Soitheach bainteach le teagmhais</b>	<b>1</b>	<b>29</b>	<b>47</b>	<b>26</b>	<b>9</b>	<b>5</b>	<b>13</b>	<b>16</b>
<b>Líon Iomlán Básanna</b>		<b>21</b>	<b>18</b>	<b>19</b>	<b>7</b>	<b>5</b>	<b>13</b>	<b>14</b>
<b>Líon Iomlán Gortuithe</b>	<b>1</b>	<b>5</b>	<b>9</b>	<b>2</b>	<b>Náid</b>	<b>Náid</b>	<b>1</b>	<b>1</b>

# Ráitis Airgeadais 2009



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2009

# Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhord Imscrúdú Taismí Muirí	19
Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	20
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	22
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	23
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	24
Clár Comhardaithe	25
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais do bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008	26

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhord Imscrúdú Taismí Muirí


Don bhliain dar chríoch 31u Nollaig 2009

## Freagrachtaí an Bhoird


Cuireann Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000, ceangal ar an mBord gnáthchuntais chearta a choinneáil ar an airgead go léir a bhíonn faighte nó caite aige, ina leithéid d'fhoirm a bheadh ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais. Is gá don Bhord na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige:

1. Polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
2. Breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
3. Lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasáochta bhainteacha ar bith, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Bord ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Tá an Bord freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Bhoird agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois a chosc agus a bhrath, chomh maith le neamhréireanna eile.



John G. O'Donnell B.L.  
Cathaoirleach  
10 Meán Fómhair 2010



Kieran Baker  
Rúnaí  
10 Meán Fómhair 2010

# Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

## Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Cuimsíonn na ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, cuimsíonn siad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

### Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir leis an Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí na ráitis airgeadais i gcomhréir le Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasáíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Tá sé mar fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na riachtanais dhlíthiúla agus rialaitheacha bhainteacha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart agus cóir, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cé acu ar coinníodh nó nár coinníodh leabhair chearta chuntais, dar liom. Chomh maith leis sin, luaim cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead ar na cuspóirí beartaithe nó nuair nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím chomh maith mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá de dhíth le haghaidh chuspóirí m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú ar cé acu an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais cloí an Bhoird leis an gCód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím aon chás ábhartha nuair nach ndearna sé a leithéid, nó sa chás go bhfuil an ráiteas míthreorach nó neamhfhreagrach d'eolas eile atá ar eolas agam ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl ceangal orm machnamh a dhéanamh ar cé acu an gcuimsíonn nó nach gcuimsíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach príocal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim ar éifeachtacht na nósanna imeachta príacail agus rialaithe.

Léim eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaim mo mhachnamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim machnamh ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascála má thugaim faoi deara go bhfuil míráitis nó neamhréireanna ábhartha ann i gcomparáid leis na ráitis airgeadais.

### Bunús na Tuairime Iniúcháireachta

Agus m'fheidhm mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste á cleachtadh agam, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt don léirbhreithniú speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna, nochtadh

agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn sé measúnú ar na meastacháin shuntasacha a rinneadh agus na breithiúnais shuntasacha a tugadh in ullmhú na ráiteas airgeadais agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasáochta iomchuí do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go dóthanach.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheas mé a bheith riachtanach a fháil, ionas go mbeadh go leor fianaise agam chun cinnteacht réasúnta a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé mar thoradh ar chalaos nó mar gheall ar neamhrialtacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á meá agam, rinne mé measúnú chomh maith ar leorgacht fhoriomlán léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird ar 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i rith na bliana ar tháinig deireadh léi ansin, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasáochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Bord leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.



Andrew Harkness

Do agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2010

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

## Freagracht as an gcóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son Bhord an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú.

Ní féidir leis an gcóras de Rialú Inmheánach ach cinnteacht réasúnta a sholáthar, gan a bheith iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart agus go mbíonn earráidí nó neamhréireanna ábhartha á gcosc nó go mbeidís á mbrath in am tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas an rialú airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:


- Bíonn gach íocaíocht (seachas tuarastail na foirne\*) á húdarú ag beirt chomhaltaí den Bhord ar a laghad.
- Bhí gach éileamh taistil agus cothaithe á údarú ag comhalta eile den Bhord agus deimhnithe de réir oird ag an Rúnaí le bheith íoctha.
- Tá cóid iompraíochta gnó i bhfeidhm le haghaidh chomhaltaí an Bhoird agus na foirne.
- Bíonn an Bord á chur ar an eolas faoi staid airgeadais reatha an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí ag an Rúnaí ag gach cruinniú den Bhord.

Aistríodh cúram Máthair-roinne an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí le cinneadh Rialtais, ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chuig an Roinn Iompair le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Iarradh maolú ar fhoirmiú coiste iniúchóireachta agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar an Roinn Iompair. Bhíodh an maolú bronnta roimhe seo ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

## Arna shíniú ar son an Bhoird



John G O'Donnell B.L

Cathaoirleach

10 Meán Fómhair 2010



# Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

## 1. Nithe Ginearálta

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Cuireadh tús le feidhmiú an Bhoird ar 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh é go foirmiúil ar 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a bhíonn mar thoradh air sin.

## 2. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis. Glactar le Caighdeán Thuairiscithe Airgeadais a bhíonn molta ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

## 3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Cuimsíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2009.

## 4. Deontais ón Oireachtas

Is ionann ioncam ó Dheontais an Oireachtas agus na fáltais iarbhíre airgid thirim i rith na bliana ón Roinn Iompair agus íocaíochtaí a bhíonn déanta i rith na bliana ag na Ranna bainteacha maidir le foireann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí\*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar Sócmhainní Seasta ar a gcostas. Soláthraítear dímheas de réir méid cothrom mar seo a leanas:

Trealamh Oifige 5 bliana

## 6. An Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach an ioncain gan amúchadh a úsáidtear le haghaidh cuspóirí caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Tá foireann na Roinne\* atá ar iasacht le feidhmiú mar Rúnaíocht an BITM cuimsithe faoi shocruithe pinsean na Roinne baintí.


\*Tabhair faoi deara: Cuimsíonn Rúnaíocht an BITM foireann bhuan de thriúr atá ar iasacht ón Roinn Iompair.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2009

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €	2008 €
<b>Ioncam:</b>			
Deontais Oireachtais		181,401	251,522
Ús ar Thaiscí		-	145
		181,401	251,667
Aistriú ó Chuntas Caipitil	5	777	777
		182,178	252,444
<b>Caiteachas:</b>			
Tuarastail Fhoirne		99,557	108,522
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	8	17,776	17,776
Cló, Postas agus Páipéarachas		58,863	47,173
Cothabháil Suíomh Gréasáin		619	623
Costais Imscrúduithe Taismí		6,970	45,545
Taisteal agus Cothú - Comhaltaí Boid	8	2,647	3,978
Taisteal agus Cothú – Daoine Eile		123	176
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla		6,513	968
Cuntasaíocht		4,719	5,250
Táillí Iniúcháireachta		6,580	7,000
Fógraíocht		931	-
Táillí Bainc		49	30
Dímheas		777	777
Costais Ilchineálacha		752	255
		206,876	238,073
(Easnamh)/Barrachas na Bliana		(24,698)	14,371
Barrachas Carnach ar 1 Eanáir		19,417	5,046
(Easnamh)/Barrachas Carnach ar 31 Nollaig		(5,281)	19,417

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



John G. O'Donnell B.L.  
Cathaoirleach  
10 Meán Fómhair 2010



Kieran Baker  
Rúnaí  
10 Meán Fómhair 2010

# Clár Comhardaithe 2009

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €	2008 €
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	2	776	1,553
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe		196	1,043
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh	3	32,262	49,692
		32,458	50,735
<b>CREIDIÚNAITHE - Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhrú	4	(37,739)	(31,318)
<b>(GLANDLITEANAIS)/GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		(5,281)	19,417
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>		(4,505)	20,970
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>			
Cuntas Caipitil	5	776	1,553
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(5,281)	19,417
		(4,505)	20,970

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



John G. O'Donnell B.L.  
Cathaoirleach  
10 Meán Fómhair 2010



Kieran Baker  
Rúnaí  
10 Meán Fómhair 2010

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

## Nóta 1. Cónascadh Imscrúduithe agus Gnóthas Leantach

Fógraíodh ar 14 Deireadh Fómhair 2008 go mbeadh feidhmeanna an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí á gcónascadh leis an Aonad um Imscrúdú Aerthionóiscí agus leis an Aonad um Imscrúdú Iarnróid, chun comhlacht nua a chruthú a bheidh freagrach as imscrúdú taismí aeir, muirí agus iarnróid.

Tá próiseas an chónasctha ar siúl agus táthar ag súil leis go gcríochnófar é i rith 2011. Ós rud é go mbeidh sócmhainní, dliteanais agus feidhm an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí á n-aistriú chuig an gcomhlacht nua, meastar go bhfuil sé cuí leanúint d'ullmhú na gcuntas ar Bhonn Gnóthais Leantaigh.

	2009	2008
<b>Nóta 2. Sócmhainní Inláimhsithe Seasta – Trealamh Oifige</b>	€	€
<b>Costas</b>		
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir	3,884	3,884
Diúscairt	-	-
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	3,884	3,884
<b>Dímheas</b>		
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir	2,331	1,554
Muirear Tréimhse	777	777
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	3,108	2,331
<b>Glanluachanna Leabhar</b>		
Ar 31 Nollaig	776	1,553
<b>Nóta 3. Airgead Tirim sa Bhanc agus Airgead ar Láimh</b>		
Cuntas Reatha	30,518	47,948
Cuntas Taisce	1,744	1,744
	32,262	49,692
<b>Nóta 4. Creidiúnaithe - Méideanna dlite taobh istigh de Bhliain Amháin</b>		
Costais Fhabhráithe	37,739	31,318
<b>Nóta 5. Cuntas Caipitil</b>		
Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2009	-	1,553
Ioncam a Leithdháileadh le haghaidh Cuspóirí Caipitil	-	-
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas	(777)	-
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	-	(777)
Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2009	-	776

### Nóta 6. Táillí Gairmiúla

Níor íocadh aon táillí maidir le himscrúdú taismí muirí, ó ba rud é gur sholáthair Oifig na Suirbhéireachta Muirí ag an Roinn Iompair a leithéid de sheirbhísí don Bhord gan chostas.

### Nóta 7. Fostaithe agus Aoisliúntas

Níl aon fhostaithe ag an mBord. Soláthraíonn an Roinn Iompair triúr mar fhoireann rúnaíochta buaine. Bhí costais foirne aisíochta leis an Roinn ó leithdháileadh deontais an Bhoird.

### Nóta 8. Táillí agus Costais Taistil Chomhaltaí an Bhoird

Íocadh táillí iomlána €17,776 le triúr comhaltaí seachtracha an Bhoird i rith 2009, nuair a íocadh €7,618 leis an gCathaoirleach agus €5,079 an duine le Thomas R. Power agus Sinéad Brett. Íocadh gach táille mar ghlanmhéid tar éis Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla ar 20%. Ní fhaigheann na ceapaithe ex-officio agus Roinne aon íocaíocht maidir lena mballraíocht den Bhord.

Íocadh costais iomlána taistil €2,647 le beirt chomhaltaí sheachtracha den Bhord i rith 2009 as ucht freastal ar chruinnithe den Bhord, nuair a fuair an Cathaoirleach €2,099 agus Iníon Sinéad Brett €548. Ós rud é go bhfuil siad chomh gar sin do shuíomh chruinnithe an Bhoird, ní raibh an triúr Comhaltaí eile cáilithe le haghaidh a leithéid d'íocaíochtaí.

### Nóta 9. Costais Oibriúcháin

Maoiníonn an Bord a chostais oibriúcháin féin seachas na seirbhísí seo a leanas a bhíonn á gcur ar fáil ag an Roinn Iompair saor in aisce:

- Guthán agus Facs
- Páipéarachas,
- Glantachán,
- Costais oifige eile lena n-áirítear soilsiú agus téamh.

### Nóta 10. Cánachas

I gcomhréir le hAlt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon chánachas agus ní gá é a chur ar fáil sna ráitis airgeadais.

### Nóta 11. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasanna

Tá gach comhalta den Bhord tar éis glacadh le nósanna imeachta i gcomhréir le hailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí), 2000.

### Nóta 12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Bhí na ráitis airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 10 Meán Fómhair 2010.







Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie)